# Aodh Rua Ó Domhnaill

Eochairfhocail: ócáid, tiomnaithe, adhlacadh, an Cumann Spáinneach – Gaelach, cúnamh míleata

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cen tír ina raibh an ócáid neamhchoitianta seo ar siúl?
2. Cén cur síos a thugtar ar Aodh Rua Ó Domhnaill sa mhír nuachta?
3. Cén fáth a ndeachaigh Aodh Rua chun na Spáinne?
4. Cad atá tiomnaithe d'Aodh Rua ar láthair a adhlactha?
5. Cén t-éileamh atá ag an gCumann Spáinneach-Gaelach?
6. Cén baile in Éirinn a bhfuil nasc ag Valladolid leis?
7. Ainmnigh dhá ghné de chultúr na hÉireann a deir Somhairle Watson a bhfuil spéis ag muintir na Spáinne iontu?
8. Cén dream atá ag plé leis an iarratas ainmniúcháin ón gCumann Spáinneach – Gaelach?
9. Cad is ainm do thuairisceoir na míre nuachta seo?
10. An gceapann tú gur mír nuachta spéisiúil a bhí sa mhír nuachta seo faoi Aodh Rua Ó Domhnaill? Tabhair dhá chúis le d'fhreagra.




Foghlaim TG4

## Aodh Rua Ó Domhnaill

Ceannaire míleata agus taoiseach fíorthábhachtach in Éirinn sa séú haois déag a bhí in Aodh Rua Ó Domhnaill. Ba as Dún na nGall dó. Ba de shliocht teaghlaigh an-chumhachtach dó agus chuir sé spéis i gcúrsaí míleata ag aois an-óg. Bhí sé ar dhuine den bheirt cheannairí ba thábhachtaí, i dteannta Aodha Uí Néill, sa Chogadh Naoi mBliana in aghaidh na Sasanach, cogadh a mhair idir na blianta 1594 go 1603. Theastaigh ó Aodh Rua agus ó na taoisigh Ghaelacha eile deireadh a chur le forlámhas Shasana in Éirinn. D'éirigh leis na Gaeil bua tábhachtach a bhaint amach in aghaidh fhórsaí Shasana ag Cogadh an Átha Bhuí i gcontae Ard Mhacha sa bhliain 1598 faoi stiúir Aodha Uí Néill. Chlis ar na Gaeil ámh ag Cath Chionn tSáile sa bhliain 1601 agus d'imigh Aodh Rua chun na Spáinne chun cabhair mhíleata a lorg ó Rí na Spáinne, Pilib A Trí. Fuair sé bás go gairid ina dhiaidh sin áfach sa bhliain 1602 i Valladolid na Spáinne. Ní fios go cinnte cad ba chúis lena bhás. Meastar nach raibh sé ach tríocha bliain d'aois nuair a cailleadh é. Cailliúint mhór do na Gaeil a bhí i mbás Aodha Rua. Cuimhnítear go fóill ar Aodh Rua Ó Domhnaill mar thírghráthóir a sheas an fód do na Gaeil in aghaidh na Sasanach.

**Ceisteanna eolais agus gramadaí:**

1. Cathain a mhair Aodh Rua Ó Domhnaill?
2. Cérbh iad an bheirt cheannairí míleata ba thábhachtaí a bhí ag na Gaeil sa Chogadh Naoi mBliana?
3. Cérbh í an aidhm a bhí ag na Taoisigh Ghaelacha i rith an Chogaidh sin?
4. Cad a tharla ag Cath Chionn tSáile sa bhliain 1601?
5. Cén aois a bhí Aodh Rua nuair a cailleadh é?
6. Céard é an rud is mó a gcuimhníonn daoine air nuair a luaitear ainm Aodha Rua Uí Dhomhnaill sa lá atá inniu ann?
7. An bhfuil meas agat ar Aodh Rua Ó Domhnaill?
8. Aimsigh sampla amháin den saorbhriathar ón sliocht.
9. Aimsigh sampla amháin den tuiseal ginideach iolra ón sliocht.
10. Aimsigh sampla amháin de shárchéim na haidiachta ón sliocht.

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

**Samhlaigh gur tú tuairisceoir na míre nuachta seo. Scríobh cuntas ar an gcaoi ar thug tú faoin mír nuachta seo a chur i dtoll a chéile. Is leor 200 focal sa chur síos. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.**

- chuir mé glaoch ar....
- thaistil mé go ...
- chaith mé ........ lá sa chathair
- chuaigh mé i dteagmháil le .......
- chuir mé ..... faoi agallamh
- rinne mé neart taighde ar ...
- tháinig fear an cheamara liom
- d’fhreastail mé ar ócáid chuimhneacháin ....
- d’fhill mé abhaile ansin
- sheol mé a raibh agam ar ais chuig an eagarthóir nuachta

# Freagraí

1. 16ú haois
2. Aodh Rua Ó Domhnaill agus Aodh Ó Néill
3. deireadh a chur le forlámhas Shasana in Éirinn
4. Chaill na Gaeil
5. níltear go hiomlán cinnte ach ceaptar go raibh sé thart ar 30 bliain d'aois
6. gur tírghráthóir a bhí ann
7. Luaigh cúis amháin le d'fhreagra.
8. cuimhnítear, meastar, cailleadh
9. in aghaidh na Sasanach, Dún na nGall, in aghaidh fhórsaí Shasana
10. ba thábhachtaí

1. An Spáinn
2. Taoiseach, laoch Gaelach agus ceannaire a throid in aghaidh na Sasanach
3. Chun cúnamh míleata a lorg ón Rí Philip A Trí
4. Leac mhór chuimhneacháin
5. Go n-ainmneofaí cearnóg i ndiaidh Aodha Rua
6. Leifear i nDún na nGall
7. Ceol na hÉireann, rince na hÉireann agus an Ghaeilge
8. Oifig halla na cathrach
9. Seán Mac an tSíthigh



Foghlaim TG4